**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Scrúduimhir an Iarrthóra**
☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH 2016 – MAIDIN 9.30 – 12.00

# ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas sa Bhaincéireacht. Cad dó a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **UMB (ATM)** | |
| **AC** | |
| **DD** | |

**2.** Ainmnigh comhlacht Stáit **amháin** a bhfuil baint aige le **gach ceann** de na gníomhartha seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **CUMARSÁID** | |
| **IOMPAR** | |
| **TÁIRGEADH** | |

**3.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an sliocht as an gClár Comhardaithe thíos a chomhlánú:

| **Sliocht as Clár Comhardaithe ar an 31-12-2015** | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| | € | € | € |
| Innealra | 165,000 | **(i)** | 132,000 |
| Foirgnimh | 900,000 | **(ii)** | 846,000 |
| | 1,065,000 | **(iii)** | 978,000 |

**4.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag cuideachta:

**Stoc Tosaigh €32,000**  **Costas Díolachán €624,000**  **Stoc Deiridh €16,000**

Ríomhtar Láimhdeachas Stoic mar seo: $\frac{\text{Costas Díolachán}}{\text{Meánstoc}}$

Bain úsáid as na figiúirí thuas agus ríomh an Láimhdeachas Stoic.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra** |
| --- |
| uaire |

| Obair |
| --- |
| |

**5.** Ainmnigh **dhá** cheannteideal i bPlean Gnó.

(i) ____________________

(ii) ____________________

**6.** Ar 1 Meitheamh 2016, dhíol R. Ó Catháin earraí ar €2,600 ar cairde le S. Mac Cárthaigh. Ní raibh CBL ar bith le híoc ar na hearraí seo.

Comhlánaigh **cuntais mhórleabhair R**. **Uí Chatháin** agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i) Cuntas** ____________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| 2016 Meith. 1 | **(ii)** | 2,600 | | | |

**(iii) Cuntas** ____________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | | | 2016 Meith. 1 | **(iv)** | 2,600 |

7. Comhlánaigh **agus** comhardaigh an Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2016 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na gCreidiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2016 | 6,100 |
| Iomlán na gCeannachán ar cairde i mí na Bealtaine | 5,900 |
| Airgead tirim iomlán a íocadh le creidiúnaithe i mí na Bealtaine | 5,500 |

| Dr | | **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

8. Mínigh modh **amháin** chun drochfhiacha a laghdú i bhfiontar:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**9.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí chun a thaispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar an 31/12/2015:

| | **Cuntas Trádála** | **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|---|
| Fógraíocht | | | |
| Stoc (31/12/2015) | | | |
| Scairchaipiteal Eisithe | | | |

**10.** Mínigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar Stíobhard Ceardlainne in aon eagraíocht:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**11.** (i) Iontráil na hiarmhéideanna seo a leanas i Leabhar Cúnta Ginearálta Taylor Teo. atá páirtchomhlánaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2016 | Foirgnimh | €211,100 |
| | Féichiúnaithe | €44,800 |

(ii) Ríomh an Gnáth-Scairchaipiteal:

| **Taylor Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Ró-tharraingt Bhainc | $LA_1$ | | 6,600 |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | | |
| | Féichiúnaithe | $MLF_1$ | | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Taylor Teo. ar an dáta seo.* | | | |

**12.** Mínigh an téarma **Saincheadúnas** mar a bhaineann sé le cúrsaí miondíola:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Tabhair sampla **amháin** de shaincheadúnas aithnidiúil:

______________________________________________

**13.** Tá Aindí tagtha abhaile ó na Stáit Aontaithe agus $850 ina sheilbh aige. Téann sé go dtí a bhanc chun na dollair a mhalartú go euro agus feiceann sé na rátaí seo a leanas luaite:

| AIRGEADRA | RÁTA DÍOLA | RÁTA CEANNAIGH |
|---|---|---|
| Dollar | 1.045 | 1.120 |

Ríomh an méid iomlán euro a gheobhaidh Aindí ar a $850:
(Taispeáin do chuid oibre)

| **Freagra**: |
|---|
| **€** |

| Obair: |
|---|
| |

**14.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-ullmhaíonn feirmeoirí cuntais:

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**15.** (i) Bhí €9,800 ar an chostas maireachtála i dtír in 2014. In 2015, €9,996 a bhí air.

Ríomh an ráta boilscithe. (Taispeáin do chuid oibre.)

| **Freagra** |
|---|
| % |

| Obair |
|---|
| |

(ii) In Éirinn, cad a thugtar ar thomhas oifigiúil an bhoilscithe?

______________________________________________

**16.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh gnólacht creidiúnacht custaiméara nua a mheas.

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**17.** I **gColún 1** tá liosta de Théarmaí Margaíochta. I **gColún 2** tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na Téarmaí Margaíochta seo.

(*Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le ceann ar bith de na Téarmaí Margaíochta*.)

| **Téarmaí Margaíochta** | **Ráitis** |
|---|---|
| **1.** Brandáil | **A.** Táirge, Praghas, Áit agus Cur Chun Cinn |
| **2.** Cumasc Margaíochta | **B.** Eolas a bhailiú ó agallaimh |
| **3.** Taighde Deisce | **C.** Comhartha, siombail nó ainm a úsáidtear chun idirdhealú idir tháirgí |
| | **D.** Eolas a bhailiú ó fhoinsí atá ann cheana féin |

Cuir litir an ráitis atá ceart faoin uimhir ábhartha thíos agus meaitseáil an dá liosta:

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| | | |

**18.** Iontráil an beart seo a leanas i Aischur Amach Saifír Teo.:
Ar an 9 Bealtaine 2016, chuir Saifír Teo. earraí €2,100 ar ais go dtí Gorm Teo. (Nóta Creidmheasa Uimh. 10). Ba é 23% an ráta CBL ar na hearraí seo.


| **Saifír Teo. – Leabhar Aischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**19.** Líon na **trí** bhosca bhána atá uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais a chomhlánú ón eolas seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Scairchaipiteal Údaraithe | €740,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | €600,000 |
| Díbhinní íoctha | 2% |

| **Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dár críoch 31-12-2015** | | |
|---|---|---|
| | | € |
| Brabús Glan | | **74,500** |
| Lúide Díbhinní | | **(i)** |
| **(ii)** | | **(iii)** |
| | | |

**20.** Sainaithin **trí earnáil** dhifriúla i ngeilleagar na hÉireann: Príomhúil, Tánaisteach agus Treasach/Séirbhísí a léirítear thíos. Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá curtha ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
|  |  |   |
| (i) | (ii) | (iii) |

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (A)

**Ráiteas Comparáide Buiséid le haghaidh theaghlach Walters don bhliain 2015**

| IONCAM | **Buiséad Eanáir – Nollaig €** | **Iarbhír €** | **Difríocht €** |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | 54,000 | | |
| Sochar Leanaí | 4,680 | | |
| Ús | 240 | | |
| Eile | | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 58,920 | | |
| CAITEACHAS | | | |
| *Seasta* | | | |
| Morgáiste | 8,040 | | |
| Árachas gluaisteáin | 560 | | |
| Árachas tí | 695 | | |
| Fo-iomlán | 9,295 | | |
| *Neamhrialta* | | | |
| Costais teaghlaigh | 8,450 | | |
| Costais ghluaisteáin | 3,600 | | |
| Costais éadaí agus bhróg | 1,900 | | |
| Costais solais agus teasa | 2,900 | | |
| Árachas sláinte | 2,400 | | |
| Fo-iomlán | 19,250 | | |
| *Roghnach* | | | |
| Costais siamsaíochta | 1,380 | | |
| Féiríní | 950 | | |
| Laethanta saoire | 7,800 | | |
| Fo-iomlán | 10,130 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 38,675 | | |
| Airgead Glan | 20,245 | | |
| Airgead Tosaigh | 800 | | |
| Airgead Deiridh | 21,045 | | |

***Nóta**: Ná líon na boscaí scáthaithe*

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (B agus C)

**1. (B)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Cén t-airgead deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2015? | **Freagra**: | € |
| (ii) | Cé mhéad a bhí buiséadaithe le coigilt ag teaghlach Walters i rith 2015? | **Freagra**: | € |
| (iii) | Luaigh an méid a chaith teaghlach Walters thar a gcaiteachas Iomlán buiséadaithe. | **Freagra**: | € |
| (iv) | Cén t-airgead deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2015? | **Freagra**: | € |

(v) Mínigh cúis **amháin** a raibh na híocaíochta morgáiste níos lú i mí Lúnasa.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**1. (C)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghiota comhairle airgeadais a thabharfá do theaghlach Walters i bhfianaise a bhfuil i mBuiséad 'Iarbhír' 2015.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

(ii) Mínigh an téarma 'bónas cheal éilimh'

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 4 (B)**

| | |
|---|---|
| **TEIDEAL NA TUARASCÁLA**: | |
| **Ó**: | |
| **GO**: | |
| **DÁTA**: | |
| **RÉAMHRÁ**: | |
| **FREAGRAÍ AR CHEISTEANNA** (i) agus (ii) | (i)<br><br>(ii) |
| **TORTHAÍ AN FHIOSRAITHE**: | |
| **MOLTAÍ**: | |
| **LE DÉANAMH INA DHIAIDH SEO**: | |
| **SÍNIÚ**: | |
| **TEIDEAL SCRÍBHNEOIR NA TUARASCÁLA** | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN 'ROINN A' SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH 2016 – MAIDIN 9.30 - 12.00

# ROINN B

**(160 marc)**

- Tá 40 marc ag gabháil le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid

1. **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Nuair a scrúdaigh teaghlach Walters a Leabhar Airgid Anailísithe ag deireadh mhí na Nollag 2015, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iarbhír sa dá mhí dhéag agus na figiúirí buiséadaithe (atá ar fáil sa Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 9 de Roinn A*). Na rudaí seo a leanas ba chúis leis an difríocht:

- Tháinig méadú de 3% ar thuarastail theaghlach Walters.
- Tá triúr páistí sa teaghlach. Méadaíodh an sochar leanaí míosúil de €5 do gach páiste ó 1 Aibreán 2015.
- Bhí an t-ús iarbhír a fuair siad don bhliain 5% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhuaigh teaghlach Walter €600 i gcrannchur áitiúil.
- Tháinig laghdú de €35 in aghaidh na míosa ar na híocaíochtaí morgáiste ó 1 Lúnasa 2015.
- Tá bónas cheal éilimh ag teaghlach Walters agus, mar sin, bhí a n-árachas gluaisteáin 12½% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí €775 ar an árachas tí don bhliain.
- Bhí na costais teaghlaigh 8% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí na costais ghluaisteáin 4% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí na costais éadaí agus bróg mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí na costais solais agus teasa €6 in aghaidh na míosa níos mó ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí an t-árachas sláinte 8% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe, de dheasca boilsciú ar árachas sláinte.
- Bhí na costais siamsaíochta €20 níos lú in aghaidh na míosa seachas i mí Aibreáin agus i mí na Nollag.
- Chosain féiríní €120 sa bhreis de bharr ócáid teaghlaigh.
- Chosain laethanta saoire an teaghlaigh 4% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.

**(A)** Bain úsáid as an Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 9 de Roinn A,* agus iontráil na figiúirí cuí sa cholún '**Iarbhír**'.

Taispeáin sa cholún '**Difríocht**' na difríochtaí idir na figiúirí '**Iarbhír**' agus na figiúirí sa cholún '**Buiséad**'. Úsáid comhartha **móide** nó **lúide** roimh gach figiúr sa cholún sin.

Nóta: Úsáid an comhartha '**móide**' má tá an figiúr '**Iarbhír**' NÍOS MÓ ná an figiúr '**Buiséad**'.
Úsáid an comhartha '**lúide**' má tá an figiúr '**Iarbhír**' NÍOS LÚ ná an figiúr '**Buiséad**'.

Sampla:

| | **Buiséad** | **Iarbhír** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| | 100 | 180 | + 80 |
| | 600 | 550 | - 50 |
| Iomlán | 700 | 730 | + 30 |

(22)

Freagair na codanna seo a leanas **(B)** agus **(C)** sna spásanna atá curtha ar fáil *ar leathanach 10 de Roinn A*.

**(B)** (i) Cén t-airgead deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2015?

(ii) Cé mhéad a bhí buiséadaithe le coigilt ag teaghlach Walters i rith 2015?

(iii) Luaigh an méid a chaith teaghlach Walters thar a gCaiteachas Iomlán Buiséadaithe.

(iv) Cén t-airgead deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2015?

(v) Mínigh cúis **amháin** a raibh na híocaíochta morgáiste níos lú i mí Lúnasa.

(10)

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghiota comhairle airgeadais a thabharfá do theaghlach Walters i bhfianaise a bhfuil i mBuiséad 'Iarbhír' 2015.

(ii) Mínigh an téarma 'bónas cheal éilimh'.

(8)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Ar 1 Eanáir 2015, bhí Ciste Carntha de €502,422 ag Club Sacair na gCeilteach.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015:

| **Fáltais**: | **€** |
|---|---|
| Fáltais ó Lató an Chlub | 32,600 |
| Síntiúis | 42,800 |
| Fáltais Gheata | 26,700 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Cothabháil na Páirce Imeartha | 5,240 |
| Páipéarachas | 1,790 |
| Speansais Ghinearálta | 15,740 |
| Speansais Lató an Chlub | 14,250 |
| Árachas | 4,460 |
| Solas agus Teas | 2,230 |

Eolas breise ar 31 Nollaig 2015:

(i) Síntiúis réamhíoctha €1,600

(ii) Páipéarachas ar láimh €170

(iii) Árachas réamhíoctha €580

(iv) Solas agus Teas dlite €420

(v) Airgead sa Bhanc €5,812

(vi) Dímheas:
Clubtheach & Páirc Imeartha 2% de €480,000
Trealamh 15% de €75,000

**(A)** Ullmhaigh:

(i) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015.

(ii) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31 Nollaig 2015. (34)

**(B)** (i) Cén teideal atá ar an Oifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill?

(ii) Mínigh **dhá** chuspóir atá ag an tuairisc seo. (6)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Fás Eacnamaíoch**, **Tosca Táirgeachta agus Feasacht Eacnamaíochta**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Tá an fás eacnamaíoch is mó san AE ag Éirinn fós.

(i) Mínigh an téarma 'fás eacnamaíoch'.

(ii) Ainmnigh tomhas oifigiúil an fháis eacnamaíoch in Éirinn.

(iii) Mínigh **dhá** impleacht eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an bhfeabhas seo ar an bhfás eacnamaíoch.

(iv) Cad dó a seasann na hinisealacha AE?

(v) Cé mhéad tír atá san AE, Éire san áireamh?

(14)

**(B)** Is gá tosca táirgeachta, in aon gheilleagar, chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

Mínigh na **ceithre** thoisc tháirgeachta **agus** an luach saothair/íocaíocht a bhaineann le gach ceann díobh

(16)

**(C)** (i) Sa Rialtas deireanach bheartaigh an tAire Airgeadais:

- caiteachas ar **fhoirgnimh scoile** a mhéadú;
- an chuid deiridh d'**Aer Lingus** a dhíol;
- caiteachas ar **shochar leanaí** a mhéadú;
- rátaí **Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)** a laghdú.

Sna cinntí thuas sainaithin i ngach cás sampla **amháin** de:

(a) Ioncam Caipitiúil an Rialtais;
(b) Caiteachas Reatha an Rialtais;
(c) Ioncam Reatha an Rialtais.

(ii) Bíonn córais gheilleagracha difriúla ag tíortha éagsúla.

Mínigh, le sampla, **ceann amháin** de na córais gheilleagracha seo a leanas:

- Córas Geilleagrach Measctha;
- Geilleagar Lárphleanáilte;
- Geilleagar Saoriomaíochta/Fiontraíochta.

(10)
**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Tomhaltóirí agus le Scríobh Tuarascála**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Bheartaigh Mairéad Páircéir, Ascaill Darach, Cill Airne, Co. Chiarraí, painéil ghréine a fháil d'fhonn solas na gréine a bhailiú agus a thiontú go fuinneamh inúsáidte.

Ar 4 Eanáir 2016, chuir Sol Teo., An Daingean, Co. Chiarraí isteach painéil a chosain €4,000.

Toisc go ndearna conraitheoir cáilithe cláraithe an obair bhí sí i dteideal deontais do Theach Fuinneamh Feabhsaithe de 30% agus Creidmheas Cánach de 13.5% den chostas **lúide an deontas**.

**(A)** (i) Mínigh na téarmaí 'deontas' **agus** 'creidmheas cánach'.

(ii) Ríomh an deontas **agus** an creidmheas cánach a fuair sí.

(15)

I ndiaidh ceithre mhí thug Mairéad faoi deara nach raibh an córas tíleanna gréine chomh héifeachtach agus a bhíodh. Rinne sí gearán le Sol Teo. ach dúirt siadsan go raibh gach rud in ord.

Bhí Mairéad míshásta leis an bhfreagra agus rinne sí teagmháil le Comhairleoirí DMM Teo., Trá Lí, Co. Chiarraí lena dtuairim a lorg. Scrúdaigh Lisa Ní Shé, Innealtóir Comhairleach, na painéil agus scríobh sí tuarascáil do Mhairéad inar breacadh na rudaí seo a leanas:

- Aimsíodh sreangú lochtach, rud ba chúis le creimeadh.
- Dá thoradh sin, laghdaíodh ar éifeachtacht an chórais leictrigh.

Mhol Lisa na páirteanna lochtacha a bhaint amach, páirteanna nua miotail agus sreangú ceart a chur isteach.

**(B)** Cuir i gcás gur tusa Lisa Ni Shé. Ullmhaigh tuarascáil dátaithe 10 Meitheamh 2016 ina leagtar amach freagraí ar na ceisteanna (i) agus (ii) thíos a chuir Mairéad Páircéir. Bain úsáid as an teimpléad tuarascála atá *ar Leathanach 11 de Roinn A.*

(i) Ainmnigh an dlí tomhaltais a bhaineann leis an gcás seo.

(ii) Mínigh **dhá** phrionsabal ábhartha den dlí tomhaltais a briseadh sa chás seo.

(25)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Coigilt agus le hIasachtaíocht**.

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Bríd Ní Chléirigh tar éis coigilt go rialta in institiúid airgeadais áitiúil. Tá sí ag iarraidh dóthain airgid le haghaidh éarlaise le morgáiste a fháil chun a céad teach a cheannach.

**(A)** (i) Ainmnigh **trí** chineál institiúid airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ina ceantar sise.

(ii) Mínigh **trí** thoisc a chuir sí sa mheá nuair a bhí sí ag roghnú institiúid airgeadais lena cuid airgid a infheistiú inti.

(iii) Mínigh an téarma 'morgáiste'. (18)

Tá Bríd ag smaoineamh ar theach a chosnaíonn €290,000 a cheannach. Rinne sí taighde ar na rialacha nua do cheannaitheoirí atá ag lorg iasachtaí chun a gcéad teach a cheannach. Fuair sí an t-eolas seo a leanas:

Is é an morgáiste is mó is féidir le hiasachtaí céaduaire a fháil ó aon institiúid airgeadais ná:

90% suas go dtí uasluach tí €220,000 móide
80% den fhuílleach suas go dtí uasluach tí €300,000.

**(B)** (i) Ríomh an morgáiste is mó is féidir le Bríd a fháil ó institiúid airgeadais.

(ii) Ríomh an éarlais a bheadh de dhíobháil ar Bhríd chun a teach a chosnaíonn €290,000 a cheannach.

(iii) Cén fáth ar leagadh síos na rialacha thuas i gcás ceannaitheoirí céaduaire?

(iv) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ar cheart do Bhríd smaoineamh orthu sula bhfaigheann sí iasacht.

(22)
**(40 marc)**

6. **Baineann an cheist seo le Daoine ag Obair agus le TFC**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Tá Seán fostaithe ag Ríomhtheic Teo. chun bogearraí ríomhaire a dhíol. Faigheann sé bunphá de €400 in aghaidh na seachtaine móide coimisiún de 3% ar a chuid díolachán seachtainiúil os cionn €2,000. B'fhiú €6,280 a chuid díolachán an tseachtain seo caite.

**(A)** (i) Ríomh pá comhlán Sheáin don tseachtain seo caite.

(ii) Mínigh an téarma 'bunphá'.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht atá ar Sheán i leith a fhostóra.

(17)

Tá Seán ag smaoineamh ar bheith féinfhostaithe. Tá ar intinn aige seirbhís deisiúcháin le haighaidh crua-earraí ríomhaire a chur ar fáil chomh maith le bogearraí a chur in oiriúint do riachtanais a chuid custaiméirí a sholáthar.

**(B)** (i) Mínigh, le sampla, an difríocht atá idir 'obair' agus 'fostaíocht'.

(ii) Mínigh an difríocht atá idir 'crua-earraí' agus 'bogearraí'.

(iii) Mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag Seán le bheith ag iarraidh a bheith féinfhostaithe.

(iv) Mínigh **dhá** riosca a bhaineann le bheith féinfhostaithe.

(23)
**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AR ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán